

Eleathanach241

Dé Luain 3 Deireadh Fómhair 2016

Peil Ghaelach: Baile Átha Cliath agus Maigh Eo

Bhí Baile Átha Cliath agus Maigh Eo ag imirt sa chluiche ceannais de chraobh na hÉireann sa pheil. Bhí orthu an cluiche a athimirt toisc gur chríochnaigh an cluiche ar comhscór coicís ó shin.

Bhí slua mór i bPáirc an Chrócaigh arís Dé Sathairn chun an cluiche a fheiceáil. Thosaigh an cluiche agus d'éirigh le Baile Átha Cliath ceithre pointe a fháil gan aon scór ó Mhaigh Eo.

Ansin fuair Maigh Eo cúl. Ag leath-am ní raibh ach pointe idir na foirne, le Baile Átha Cliath pointe chun tosaigh.

Bhí pointe idir na foirne sa nóiméad deireanach den chluiche freisin. Fuair Maigh Eo cic shaor ach níor éirigh le Cillian O'Connor an scór a fháil. Bhí deireadh leis an gcluiche agus an bua ag Baile Átha Cliath. Bhuaigh siad an bhliain seo caite freisin. Bhí slua mór i lár na cathrach chun an bua a cheiliúradh tráthnóna Dé Domhnaigh.



The Lion King: leagan nua den scannán ag teacht

Rinne *Walt Disney Studios* leagan nua den scannán *The Jungle Book* agus thaitin sé go mór le daoine. Anois tá siad chun leagan nua-aimseartha den scannán *The Lion King* a chruthú. Bhí an scannán sa phictiúrlann i 1994.

Beidh na hamhráin uile sa scannán nua freisin. Insíonn an scannán scéal dúinn faoi leon óg, Simba, atá ina chónaí san Aifric. Chomh maith leis an scannán, is féidir dul chun *The Lion King* a fheiceáil ar an ardán i Londáin agus Nua Eabhrac.



Is Eolaí Mé: Clár teilifíse ar TG4

Tá clár nua eolaíochta ar TG4 gach Máirt agus Déardaoin ag 5.25. Cuireann Peadar, an tOllamh Ullamh, agus an cúntóir Aodh an clár i láthair. Bíonn téama i gceist i ngach clár agus bíonn siad ag iarraidh rudaí a fhiosrú.

Is féidir breathnú ar an gclár ar sheinnteoir TG4 freisin ar an suíomh www.tg4.ie.

Ar an suíomh tá cur síos ar thurgnaimh is féidir a thriail sa bhaile freisin. Chomh maith leis na treoracha, tugann siad míniú ar an gcúis ar tharla rud éigin sa turgnamh.

